# ilDÁNA

# 2026

iIDÁNA the arts council an chomhairle ealaíon funding the art of film

# An dáta deiridh d'iarratais: 17:00 an 1ú Aibreán 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/.

Tá ríméad ar TG4 agus ar an gComhairle Ealaíon séasúr nua iIDÁNA 2026 a fhógairt.

Leanann iIDÁNA ag cur le sceideal TG4 agus saothar amharclanna trí thacú le déanamh fadscannán uaillmhianach faisnéise Gaeilge ar na healaíona.

Sa séasúr seo, ba mhaith linn suas le dhá fhad scannán shuntasacha faisnéise a mhaoiniú, le buiséad suas le €135,000 an ceann. Is é an rún atá againn ná go dtabharfaidh ceann de na scannáin faisnéise glór faoi leith don ionchuimsitheacht agus don ilchineálacht sna healaíona agus go mbeidh daoine nua agus daoine nach gcloistear go minic uathu páirteach go gníomhach ann.

Fad a fháilteofar roimh iarratais a bhaineann le réimse ealaíne nó cleachtas ealaíne ar bith, ba mhaith linn fáilte ar leith a chur roimh iarratais trína bhfiosrófar foirmeacha ealaíne nach minic a gcuirtear faoi chaibidil iad i gcláracha faisnéise ealaíon i nGaeilge.

Is riachtanas de chuid TG4 é go mbeadh eolas ag comhlacht ar bith a mbronntar coimisiúnú air ar Chaighdeáin agus Treoirlínte Iriseoireachta Chláir TG4, Polasaí Comhlíontachta TG4 agus na hoibleagáidí reachtúla agus rialála atá i gceist faoin Acht Craolacháin 2009 chomh maith le heolas a bheith acu ar Chóid agus Rialacha ábhartha Choimisiún na Meán (CnaM.ie).

## Treoirlínte ilDÁNA 2026:

- Déanfar cur síos beacht cruthaitheach ar an ábhar ealaíon atá i gceist sna scannáin arna gcoimisiúnú do ilDÁNA.
- Déanfar tograí maidir le disciplín ealaíne nó réimse cleachtais ar bith a bhreithniú.
- Tabharfar tosaíocht d'ábhair chomhaimseartha ach d'fhéadfadh go mbreithneofaí freisin léiriú comhaimseartha ar shaothair/ábhair stairiúla.
- Déanfar suas le dhá scannán a mhaoiniú agus cuirfear buiséad suas le €135,000 an ceann ar fáil. Seolfar iad le taispeáintí ar leith sa phictiúrlann agus beidh tréimhse sa phictiúrlann i gceist sula gcraolfar iad le linn príomh-ama do lucht féachana TG4 in 2027.
- Is é an rún atá againn ná go dtabharfaidh ceann de na scannáin faisnéise glór faoi leith don ionchuimsitheacht agus don ilchineálacht sna healaíona agus go mbeidh daoine nua agus daoine nach gcloistear go minic uathu páirteach go gníomhach ann.
- TG4 a dhéanfaidh próiseas coimisiúnaithe scannáin ilDÁNA a riar. Eiseoidh TG4 an comhaontú coimisiúnaithe caighdeánach.
- Ionadaithe ó TG4, ón gComhairle Ealaíon agus measúnóir neamhspleách a dhéanfaidh an roghnú faoi scéim ilDÁNA.

## Iarratais

Ní mór iarratais a dhéanamh ar chóras eCoimisiúnaithe TG4 tráth nach déanaí ná **17:00 Dé Céadaoin, Aibreán 1ú 2026**. Ní ghlacfar le hiarratais neamhiomlána ná déanacha.

- Fad an scannáin: Scannán fada suas le 90’ ar fhad.
- Formáid HD agus fotheidil Bhéarla air
- Teanga: Gaeilge nó dátheangach

**Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh in iarratais ar ilDÁNA:**

- Foirm choimisiúnaithe chomhlánaithe ilDÁNA.
- Léiriú mionsonraithe ar an togra.
- Cur síos ar an gcur chuige cruthaitheach atá beartaithe.

- Straitéis taispeántais ina n-aithnítear lucht féachana náisiúnta teilifíse an scannáin móide aon phlean a bheadh ann do thaispeántas amharclainne (féile scannán/pictiúrlann) más infheidhme.
- Buiséad léiriúcháin mionsonraithe agus achoimre buiséid (cead ceoil agus ábhair, ábhar insoláthartha agus margaíochta san áireamh) - tá fáil ar theimpléid ar láithreán gréasáin TG4.
- CVanna na foirne cruthaithí a bheidh páirteach sa togra, an stiúrthóir, léiritheoir, scríbhneoir agus eagarthóir san áireamh.
- Fianaise ar úinéireacht, cóipeanna de gach réamhchonradh agus comhaontú scríbhneoirí san áireamh, maidir leis an scéal agus an script, más infheidhme.
- Deimhniú i scríbhinn i bhfoirm imréitigh agus ceada, más infheidhme, go bhfuil an príomhphearsa is údar don scannán toilteanach a bheith páirteach.
- Trí shliocht/shampla d'obair an stiúrthóra (ní spól taispeána) chun bonn eolais a chur faoin togra.
- Aon ábhar tacaíochta ábhartha eile chun bonn eolais a chur faoi chur chuige cruthaitheach an togra.

Tabhair faoi deara gur foirm iarratas atá ar an gcóras nua eCoimisiúin TG4. Is féidir aon eolas bhreise, mar shampla, CVanna, a chur sa bhosca '*Eolas Bhreise'* ag deireadh an iarratas, ach caithfear nasc a chur isteach. Níl aon féidireacht chun doiciméid a uaslódáil a thuilleadh.

**Déanann TG4 agus An Chomhairle Ealaíon:**

- Fostaíocht lucht déanta scannán a bhíonn ag obair trí Ghaeilge a spreagadh.
- Comhionannas inscne ó thaobh rannpháirtíochta agus an phearsanra léiriúcháin araon a chur chun cinn.
- Coinníollacha agus luach saothair cóir a éileamh d'ealaíontóirí a bhfuil baint acu le déanamh scannáin ilDÁNA.

## Roghnú

**Roghnófar scannáin ilDÁNA bunaithe ar:**

- Fhís chruthaitheach an iarratasóra agus a chur chuige/a cur chuige cruthaitheach i leith an ábhair bheartaithe
- Indéantacht an togra i gcomhthéacs chuspóirí ilDÁNA.
- A bhfuil déanta go dtí seo ag an iarratasóir.
- A mhéid a chuireann an togra comhionannas inscne chun cinn ó thaobh rannpháirtíochta agus an phearsanra léiriúcháin.
- A mhéid a dtugann ceann den dá thogra atá le roghnú glór faoi leith don ionchuimsitheacht agus don ilchineálacht sna healaíona agus a mhéid a bhfuil páirt ghníomhach ag daoine nua agus daoine nach gcloistear go minic uathu ann.
- D'fhéadfadh maoiniú breise (suas le €10K in aghaidh gach tionscadal a n-éireoidh leis) a bheith ar fáil chun tacú le scannáin a thaispeáint sa phictiúrlann sa chás go moltar straitéis láidir taispeántais ar chur i gcrích na scannán.

TG4 a dhéanfaidh an dámhachtain. Beidh feidhm le comhaontú coimisiúnaithe caighdeánach TG4. Táthar ag súil go mbeidh na tionscadail tugtha chun críche agus ar fáil lena gcraoladh ar TG4 in 2027.

Is féidir ceist ar bith maidir leis an mbabhta seo agus maidir le hoiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Proinsias Ní Ghráinne - proinsias.ni.ghrainne@tg4.ie

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/.

Ní mór iarratais a dhéanamh roimh an sprioc-am agus iad a chur ar aghaidh trí ***'IlDÁNA 2026'*** a roghnú ón roghchlár. Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh molta caite.

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*

# Deadline for submissions: 17:00 April 1st 2026

**TG4 has a new commissioning system in place. It is necessary to register on the new system in order to submit an application** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

TG4 and the Arts Council are delighted to announce a new season of iIDÁNA 2026.

iIDÁNA continues to enhance the TG4 schedule and theatrical screenings by supporting the making of ambitious and cinematic long-form documentaries on the arts in Irish.

This season we wish to fund the making of two feature-length landmark documentary films, each with a budget of up to €135,000. It is hoped that one of the two documentaries will give expression to inclusivity and diversity in the arts and actively involve new and under-represented voices.

While we welcome proposals about any art form or arts practice area, we wish to encourage applications that explore art forms which are not regularly the subject of arts documentaries in Irish.

Applications must be made using the TG4 online application system no later than **17:00 on Wednesday, April 1st, 2026.**

## Guidelines for iIDÁNA 2026:

- Films commissioned for iIDÁNA will provide a definitive creative treatment of their arts subject.
- Proposals exploring any art form or practice area are welcome.
- Contemporary subjects are preferred, but contemporary treatments of historical works/subjects may also be considered.

- Up to two films will be funded with a budget of up to €135,000 per film. They will launch with dedicated cinema screenings and will have a theatrical window before broadcast to a primetime TG4 audience in 2027.
- It is our intention that one of the two documentaries to be funded will give expression to inclusivity and diversity in the arts and actively involve new and under-represented voices.
- TG4 will administer the commissioning process of ilDÁNA films and will issue the standard commissioning agreement.
- Representatives from TG4, the Arts Council/An Chomhairle Ealaíon and an independent assessor will make the selection for ilDÁNA.

## Applications

Applications must be made through TG4's eCoimisiúin portal no later than **17:00 on Wednesday, April 1st, 2026**. Incomplete or late applications will not be accepted.

- Film duration: feature length.
- Production Budget: Up to €135,000 per film.
- Format: HD with English subtitles
- Language: Irish or bilingual.

## Applications for ilDÁNA must include the following:

- A completed ilDÁNA commission form to be uploaded.
- A detailed treatment of the proposal.
- A description of the intended creative approach.
- An exhibition strategy that identifies the film's national TV audience plus any plan for theatrical exhibition (film festival/cinema) if applicable.
- A detailed production budget and budget summary (including music and subject clearances, deliverables, and marketing materials) – templates are available on the TG4 website.
- CVs of the creative team involved in the proposal including director, producer, writer, editor.

- Evidence of ownership to include copies of all option and writers' agreements entered in respect of story and script, if applicable to the project.
- Written confirmation in the form of clearances and permissions of key subject's willingness to participate, where applicable.
- Three excerpts of the director's work (not showreel) that inform the proposal.
- Any other relevant supporting materials that inform the creative approach for the proposal.

Please note that the new TG4 eCommission system is an application form. Any additional information, for example, CVs, can be entered in the 'Further Information' box at the end of the application, but a link must be submitted. It is no longer possible to upload documents.

## TG4 and the Arts Council / An Chomhairle Ealaíon

- Encourage the employment of film practitioners working through the Irish language.
- Involve gender equality both in terms of contribution and production personnel.
- Require the provision of equitable conditions and fair remuneration for artists involved in the making of the ilDÁNA films.

## Selection

### ilDÁNA films will be selected based on:

- The artistic vision of the applicant and his/her creative approach to the proposed subject.
- The feasibility of the proposal in the context of the objectives of ilDÁNA.
- The track record of the applicant.
- The extent to which the proposal promotes gender equality in terms of contribution and production personnel.
- The extent to which one of the two proposals to be selected gives expression to inclusivity and diversity in the arts and actively involves new and under-represented voices.
- Additional funding (up to €10K per successful project) may be made available to support theatrical exhibition where a convincing exhibition strategy is proposed following completion of the films.

Shortlisted applicants will be invited to discuss their proposal with the selection panel.

The award will be made by TG4. The standard TG4 commissioning agreement will apply. It is expected that projects will be completed and available for broadcast on TG4 in 2027.

Any questions regarding this round and the suitability of the project can be sent to Proinsias Ní Ghráinne -proinsias.ni.ghrainne@tg4.ie.

## Information for submissions

All proposals must be submitted electronically to TG4. Production companies must first ensure that they are registered on our eCommission system. https://ecoimisiuin.tg4.ie/.

Applications must be submitted by the deadline and selected by selecting '**IlDÁNA 2026**' from the menu. You will be notified automatically when your proposal has been submitted. Proposals will not be accepted after the final deadline has passed.

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*